

EAGARFHOCAL

Is maith an seans go leighfear an iris seo i bhfad ó bhaile; i Meiriceá, i Sasana n. ó go deimhin i gcúinne ar bith den domhan.

Tá na hÉireannaigh siúlach agus ar ndóigh, dár fia, níl aon leisce ar mhuintir Chois Fharraige bailiú leo agus greim a mbéil a shaothrú in aon áit ar dhroim na cruinne.

Ach ní hé greim a mbéil amháin atá ag mealladh daoine ar imirce, mar tá go leor ag fágáil postanna a choinneodh greim 's griscín sa bputóg. Ba leor sin fadó. Ní raibh ag na daoine ach ón láimh go dtí an béal agus ba leor allas na gcnámh ag forsadh le cladach, le talamh agus le portach chun snáth a choinneáil faoin bhfiacail.

Buíochas le Dia agus le go leor daoine, tháinig athrú mór ar an gcaighdeán maireachtála sa gceantar seo le dhá scór bliain agus ní nuaíocht ar bith teach mór breá bheith ag duine, carr nó dhó taobh amuigh den doras, teileafón, teilifís, scoth an troscáin, inneall níocháin, inneall scuaba an urláir, inneall níocháin gréithre agus chuile chineál 'gadget' dár chruthaigh Dia ariamh a bheith faoi dhíon an tí.

Tuilleadh biseach oraibh, adeirimse.

Sin é an caighdeán atá cúplaí óga ag iarraidh agus faraor níl an gnáth pháí in ann íoc as an gcaighdeán sin mura bhfuil tú sásta lán a mhála mhóir a chur faoi do mhuinéal is bheith ag íoc ar ais go dtí lá do bháis.

Sin é an fáth go gcrochann mórchuid a gcuid seolta ar thóir an chaighdeán nach féidir leo bhaint amach sa mbaile.

Níl muid ag cáineadh na himirce, ná is beag an baol orainn. Oscail súl atá san imirce don dream a bhfuil an t-amharc acu; oideachas atá san imirce don dream a bhfuil a acmhainn acu; saibhreas atá san imirce don dream atá sásta é a shaothrú agus é a infheistiú i dteach nó i ngnó éigin tairbheach. Ach is iad díol na trua ná na créatúir nach bhfuil caighdeán leath chomh maith acu i ngarraí na comharsan is a bhí acu sa mbaile ach nach dtugann é sin faoi deara.

Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh gach duine a sheacht míle dícheall chun caighdeán sásúil maireachtála a

bhaint amach ach ní mór dhúinn ar fad a bheith cúramach is gan a bheith ag socrú léim árd don aos óg nach mbeidh siad ábalta a chaitheamh.

B'fhéidir gur dhá chéim ar aghaidh a bheadh i gcéim amháin ar gcúl agus gur dícheílí go minic a bheith leath do shaol ag obair chun an carr a choinneáil taobh amuigh den doras, ag téamh an tí mhóir nó ag íoc as cuid de na hinnill a dhéanfaidh duine gnáth mhaith dhá uireasa.

'Beatha duine a thoil', deirtear, fad is gur dhá thoil fhéin atá duine ag géilleadh.

Má sé an toradh ar an dul chun cinn ná an t-aos óg a bheith ag dul ar imirce, tá sé in am againn ár gcoinsias a scrúdú arís. Tá sé in am ag Roinn na Gaeltachta a bpolasaí títhíocht sa nGaeltacht a leasú mar níl an sean-pholasaí, dhá fheabhas dhá raibh sé, ag oibriú feasta. Tá sé in am ag Údarás na Gaeltachta tuilleadh forbairt a dhéanamh ar na hacmhainní nádúrtha atá sa gceantar agus is acmhainn nádúrtha an cultúr atá againn, an ceol atá againn, an teanga a labhramid, an áilleacht atá timpeall orainn, an ghlaineacht aer agus uisce atá againn.

Tá slí mhaireachtáil deas simplí compóirdeach sa gcultúr sin, atá muid a chaitheamh uainn.

B'fhéidir go bhfuil slí mhaireachtáil níos fearr ar an genoc úd thall ach is daor an féirín le ceanacht é más gá aos óg an cheantair seo a dhíol chun blaiseadh dhe.

TÍ MHAC AN RÍ

TRÁDALAÍ PEITREAL, GÁS &RL.
SEIRBHÍS DEASÚ PUNCTURES
AGUS DÍOL BATTERIES
OLA DIESEL DON TEACH
NÓ DON BHÓTHAR

AILLE, INDREABHÁN
FÓN: 93210